**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0177/2022**

1.4.2022

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le fostaithe a chosaint ar idirdhealú agus dífhostú bunaithe ar a stádas vacsaínithe in aghaidh COVID-19

**Nicolaus Fest, Guido Reil, Gunnar Beck, Christine Anderson, Sylvia Limmer, Joachim Kuhs, Maximilian Krah**

**B9-0177/2022**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le fostaithe a chosaint ar idirdhealú agus dífhostú bunaithe ar a stádas vacsaínithe in aghaidh COVID-19**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 5, 8, 9 agus 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar líon na srianta agus na bhfionraíochtaí san áit oibre, i roinnt Ballstát, atá á gcur nó á ngearradh ar fhostaithe a chinn gan an vacsaín in aghaidh COVID-19 a ghlacadh;

B. de bhrí gur bunphrionsabail de chuid an dlí atá daingnithe i ndlíchóras na mBallstát iad an chóir chomhionann, an neamh-idirdhealú, an ceart chun príobháideachais agus an rúndacht leighis;

C. de bhrí go bhfuil easpa fianaise eolaíoch ann chun údar cuí a thabhairt le haon idirdhealú i gcoinne daoine neamh-vacsaínithe san áit oibre ar an bhforas go bhfuil an tsláinte phoiblí á cosaint;

1. den tuairim gur chóir aon srianta ar fhostaithe neamh-vacsaínithe san áit oibre, bídís díreach nó indíreach, a mheas mar ghníomh idirdhealaithe;

2. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar idirdhealú, fionraíocht nó dífhostú fostaithe bunaithe ar a stádas vacsaínithe in aghaidh COVID-19 a chosc;

3. á iarraidh go ndéanfaí staidéar ar shaincheist an idirdhealaithe san áit oibre a eascraíonn as stádas vacsaínithe fostaithe agus go bhfoilseofaí é;